C/2026/1922

26.3.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12326 — SFPIM / LINEAS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/1922)

1. An 17 Márta 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Société fédérale de participations et d'investissement SA – Federale participatie -en investeringsmaatschappij NV ('SFPIM', an Bheilg),

— Lineas Group NV ('Lineas', an Bheilg), faoi rialú Argos Wityu (an Fhrainc).

Gheobhaidh SFPIM rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Lineas ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta phoiblí é SFPIM atá faoi úinéireacht iomlán Stát na Beilge. Tá trí phríomhghníomhaíocht ag baint leis: i) tá leasanna aige i bhfiontair phoiblí agus phríobháideacha; ii) infheistíonn sé i bhfiontair a bhfuil luach sóisialta tábhachtach acu; agus iii) rannchuidíonn sé le beartais rialtas cónaidhme na Beilge agus le cur chun feidhme tionscadal thar a cheann. Tá fochuideachtaí SFPIM gníomhach go príomha sa Bheilg i réimse leathan earnálacha. Gintear ioncam SFPIM sa Bheilg agus laistigh den Aontas,

— Is oibreoir iompair lasta iarnróid é Lineas. Is é a phríomhghnó seirbhísí tarraingthe a sholáthar ar fud na hEorpa.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12326 — SFPIM / LINEAS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË